# PLEAN PÓILÍNEACHTA AN GHARDA SÍOCHÁNA 2007




## RÉ NUA

# FÍS

*'Daoine den scoth ag seachadadh seirbhís phóilíneachta den scoth'*



# BUNCHUSPÓIR

*An leibhéal so-aimsithe is airde a bhaint amach i gCosaint Phearsanta, Tiomantas Poiblí agus Slándáil Stáit*

# LUACHANNA

- Meas a bheith againn ar dhaoine agus ar a riachtanais
- Cosaint do chearta an duine
- Seirbhís phoiblí chúirtéiseach agus chásmhar a sholáthar
- Comhpháirtíocht a choinneáil ar siúl leis an bpobal
- Freagracht indibhidiúil a ghlacadh
- Cuntasacht phoiblí a chinntiú
- Ceannaireacht eiticiúil a sholáthar
- Gairmiúlachas faoi smacht a chleachtadh
- A bheith macánta, fírinneach agus cloí le prionsabail na cothromaíochta agus an chirt
- Gach cineál éagsúlachta a chur chun cinn agus a glacadh
- A bheith de shíor ag foghlaim agus ag glacadh go fonnmhar le hathruithe

# RÉAMHRÁ



Is é Plean Póilíneachta Bliantúil 2007 an chéad chéim i dtreo fheidhmiú Straitéis Chorparáideach an Gharda Síochána 2007–2009. Is comhartha é an plean seo de ré nua i nua-chóiriú agus i bhforbairt an Gharda Síochána. An dúshlán atá faoi gach comhalta den Gharda Síochána ná soláthar seirbhísí póilíneachta éifeachtacha a choimeád ar siúl agus ag an am céanna, dul i mbun cláir bhunúsaigh a athnuafaidh an eagraíocht iomlán. Is é Plean Póilíneachta 2007 an chéad phlean a tiomsaíodh de réir fhorálacha cuntasachta Acht an Gharda Síochána, 2005. Díol suntas é chomh maith de bhrí go bhfolaíonn sé riachtanais straitéiseacha a chuirfidh bonn faoinár ngealltanas don bhfís nua de *'dhaoine den scoth ag seachadadh seirbhís phóilíneachta den scoth"*. Díríonn an plean ar shábháilteacht an phobail, ar mhuinín an phobail agus ar chuntasacht thrédhearcach phoiblí; na trí cinn d'eochair-riachtanais phoiblí atá i Straitéis Chorparáideach 2007–2009. Léiríonn an plean tosaíochtaí an Gharda Síochána mar a cinneadh iad ag an Tánaiste agus Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, faoi Alt 20 d'Acht an Gharda Síochána 2005.

Léiríonn na spriocanna straitéiseacha atá sa phlean seo a dhiongbháilte is atáimid go dtabharfar aghaidh go héifeachtach ar na príomhdhúshláin phóilíneachta, eadhon, slandáil stáit, coisceadh coireanna agus laghdú a líon, sábháilteacht ar na bóithre agus coimeád an oird phoiblí. Cuirfimid feabhas ar an gcaidreamh a bhíonn againn le pobail ina bhfuil éagsúlacht eitneach agus chultúrtha chun iontaoibh agus muinín a chothú iontu. Tosaíocht a bheas ann Straitéis Óige Gharda a fhorbairt agus seirbhísí oiriúnacha Garda á mbrostú do pháistí agus do dhaoine óga. Dearbhaíonn na riachtanais straitéiseacha a ceapadh chun eagraíocht den scoth a dhéanamh den Gharda Síochána go bhfuilimid lándáiríre faoina chinntiú go mbeidh ag muintir na hÉireann seirbhís phóilíneachta ar féidir leo iontaoibh a bheith acu as agus meas a bheith acu air. Tá i gceist againn i rith saolré an phlean seo na beartais agus na struchtúir a fhorbairt a theastóidh mar bhonn agus mar thaca lenár gclár nua-chóiriúcháin. Forbróimid an cumas agus an acmhainn atá ionainn gach gníomhaíocht phóilíneachta a chomhlíonadh go dtí an caighdeán is airde. Agus na horduithe seo á gcur i ngníomh againn beidh deis againn lánbhuntáiste a bhaint as moltaí na ngrúpaí éagsúla atá ag cur comhairle orainn i láthair na huaire i dtaobh cúrsaí bainisteoireachta, ceannaireachta, riaracháin agus éifeachtacht oibriúcháin.

Mar Oifigeach Cuntasaíochta an Gharda Síochána, cinnteoidh mé go gcuirfear seirbhís ar fáil a bheidh críochnúil, éifeachtach agus a sholáthróidh luach ar airgead. Cúis áthais dom é go bhfuil 14,000 comhalta anois sa Gharda Síochána mar aon le 900 comhalta de Chúltaca an Gharda atá á n-earcú i gcónaí, comhaltaí a imlonnófar chun tacú le póilíní lánaimseartha. Cúis áthais dom é an t-aistriú freagrachta chugamsa as ár bhfoireann tacaíochta sibhialtach. Tá i gceist agam Rannóg nua Bainistiú ar Athrú Straitéiseach a bhunú faoi cheannas Leas-Choimisinéara.

Tionscnóidh mé moltaí maidir le scrúdú a dhéanamh ar ailíniú theorainneacha Ranna Garda le limistéir na n-údarás áitiúil le linn 2007 agus leanfar de mholtaí a fhorbairt maidir le bunú stáisiún nua mar cheanncheathrúna rannacha ag stáisiúin Garda Mhala, Shráid Chaoimhín agus Bhaile Munna mar aon le dúnadh stáisiún Garda Ardán Fhearchair. Brostófar stáisiúin ionaid ag Fionnghlas, An Baile Gaelach, Scoil Mhuire, Órán Mór, An Caisleán Riabhach, Baile an Gharraí, Áth na nUrlainn, Dún Ard, Sord, Oileán Ciarraí, Bun Cranncha, Carn Domhnach agus Drumad i measc láithreach eile i gcaitheamh na bliana.

Agus muid ag foghlaim ó thaithí a bhí againn roimhe seo, tá i gceist agam gach dícheall a dhéanamh a chinntiú gur seirbhís phóilíneachta dea-threoraithe dea-bhainistithe a bheas sa Gharda Síochána, agus go mbeidh sé préamhaithe i bprionsabail chearta an duine agus tiomanta i leith comhoibriú leis an bpobal, le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, le Cigireacht an Gharda Síochána agus leis na Comhchoistí Póilíneachta chun leasa mhuintir uile na hÉireann.

Noel O'Conaire

**Noel Ó Conaire**
**Coimisinéir an Gharda Síochána**

# Tosaíochtaí don Gharda Síochána don bhliain 2007
# Arna gcinneadh ag an Tánaiste agus Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, faoi Alt 20 d'Acht an Gharda Síochána 2005

**Coireacht Eagraithe/Drugaí**

1. Díriú ar choireacht eagraithe, lena n-áirítear gáinneáil ar dhrugaí agus cultúr an ghunna a ghabhann leis, go háirtithe trí
   - leas a bhaint as sainaonaid agus oibríochtaí spriocaimsithe mar Operation Anvil
   - proifíliú, bailiú faisnéise agus measúnú ar bhagairtí maidir le daoine aonair/grúpaí atá bainteach le coireacht eagraithe.
   - na gníomhartha agus spriocanna feidhmíochta don Gharda a leagadh amach sa Straitéis Náisiúnta ar Dhrugaí a chomhlíonadh
   - gníomhaíocht leanúnach ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla de réir fhorálacha na reachtaíochta coireachta.

**Sceimhlitheoireacht**

2. Leanúint orainn ag cur bac ar ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, ag féachaint go speisialta do grúpaí poblachtacha easaontacha agus urghabháil sócmhainní atá bainteach le gníomhaíocht pharaimíleata, mar aon le monatóireacht, agus beart cuí a ghlacadh i gcoinne daoine a thacaíonn le sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta.

**Sábháilteacht/múinín an phobail**

3. Muinín an phobail i bhforfheidhmiú an dlí a mhéadú trí póilíniú ard-infheictheachta a mhéadú go mór ar fud an phobail.
4. Monatóireacht a dhéanamh ar agaí freagartha ar ghlaonna éigeandála agus iad a fheabhsú agus a chinntiú ag an am céanna go gcaitear go lách agus go héifeachtach le daoine a thuairiscíonn coireanna.

**Cúrsaí eagraíochtúla agus imlonnaithe**

5. A chinntiú go léirítear go hiomlán an fairsingiú leanúnach atá á dhéanamh ar an nGarda Síochána go 14,000 comhalta i méadú ar líon na ngardaí ar dhualgais oibriúcháin agus i róil phóilínithe sofheicthe, agus comhaltaí nua lánaimseartha a chur ar dhualgais oibriúcháin.
6. Leas a bhaint as an bpróiseas sibhialaithe agus as foinsiú allamuigh na seirbhísí cuí chun líon na ngardaí ar dhualgais oibriúcháin a mhéadú.
7. Leanúint de bheith ag earcú agus ag imlonnú comhaltaí de Chúltaca an Gharda Síochána leis an gcuspóir 900 comhalta den Chúltaca a bheith imlonnaithe ar fud an Stáit chun tacaíocht a sholáthar do chomhaltaí lánaimseartha agus chun cur le póilíniú sofheicthe.
8. Oibriú leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, le Cigireacht an Gharda agus le Coimisiún an Ombudsman chun caighdeáin sa bhFórsa a fheabhsú agus chun cur le cáilíocht agus éifeachtúlacht na seirbhísí póilíneachta a chuirtear ar fáil don phobal.
9. Athbhreithniú ar shocruithe áitiúla póilinithe a thabhairt chun críche i bpobail i gCeantair Chlár RAPID mar a bhfuil cónaitheoirí áitiúla ag iarraidh réiteach níos éifeachtaí ar cheisteanna mar loitiméireacht dianseasmhach, imeaglú íseal-leibhéal agus ard-leibhéal agus iompraíocht fhrithshóisialta eile.

**Forfheidhmiú na nDlíthe Tráchta**

10. Cur le líon an Chór Tráchta go dtí an líon beartaithe iomlán de 1,200 a chumasóidh breis gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin ar nós seicphointí.
11. Díriú ar thiomáint ar meisce, ró-luas agus cionta eile tráchta, bunaithe ar bhonn eolais cuí, ionas go mbainfear lánúsáid as na cumhachtaí dlíthiúla atá ar fáil, rud a laghdóidh uimhir na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha.
12. Soláthar agus oibriú ceamaraí luais a fhoinsiú allamuigh.
13. Oibriú go dlúth le heagraíochtaí eile a bhfuil ról acu i bhfeabhsú shábháilteacht Bóithre.
14. Gach iarracht a dhéanamh, i gcomhar le heagraíochtaí eile, plódú tráchta a mhaolú.

**Coisceadh agus Laghdú Coireanna**

15. Dul i gceann iompraíocht fhrithshóisialta agus iompraíocht a mbíonn tionchar diúltach aici ar an mianach saoil i bpobail ar leith, le béim ar leith ar iompraíocht atá bainteach le halcól (agus ólachán faoi aois san áireamh) agus ar phobail atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, go háirtithe trí leas a bhaint as na meicníochtaí dlíthiúla atá á gcur ar fáil, lena n-áirítear ASBOanna (orduithe um iompraíocht fhrithshóisialta), fógraí muirir sheasta agus orduithe dúnta.
16. A bheith rannpháirteach go hiomlán i gcomhchoistí póilíneachta.
17. Monatóireacht a dhéanamh ar chiontóirí gnéis cláraithe agus oibriú i gcomhar leis an PSNI agus le fórsaí póilíní na RA chun an baol ó athchiontú a íoslaghdú agus cur le sábháilteacht an phobail.
18. Díriú ar choireacht bhóna bháin ardluacha, go háirtithe trádáil in earraí contrabhannacha.
19. Leanúint de fhairsingiú a dhéanamh ar Scéimeanna Athstiúrtha an Gharda don Óige.
20. Céimeanna éifeachtacha a ghlacadh chun daoine soghortaithe a chosaint i gceantair iargúlta.

**Inimirce mhídhleathach agus gáinneáil ar dhaoine**

21. Na hacmhainní riachtanacha a imlonnú chun dul i ngleic go héifeachtach le hinimirce mhídhleathach agus le gáinneáil.

## COIMISINÉIR




Noel Ó Conaire
*Coimisinéir*

## LEAS-CHOIMISINÉIR



Peadar Mac Gearailt
*Bainistíocht Straitéiseach agus Acmhainní*




Fachtna Ó Murchú
*Oibríochtaí*

## COIMISINÉIRÍ CÚNTA




Al Mac Aodha
*Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath*



Gearóid Ó Ceallaigh
*Réigiún an Iarthair*



Máirtín Ó Dónalláin
*Réigiún an Oirdheiscirt*



Mícheál Mac Cárthaigh
*Réigiún an Tuaiscirt*



Ré Mac Aindriú
*Réigiún an Deiscirt*



Diarmaid Jennings
*Réigiún an Oirthir*



Caitríona Nic Lannchaidh
*Bainistíocht Acmhainní Daonna*



Eamonn Mac Concharraige
*Trácht*



Iognáid de Raois
*Coireacht agus Slándáil*



Máirtín Ó Callanáin
*Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta*



Caoimhín Mac Cárthaigh
*OSCE*

folúntas

*Straitéis agus Seirbhísí*

## STIÚRTHÓIRÍ



Mícheál Ó Cathláin
*Stiúrthóir Airgeadais*



Dónal Ó Coileáin
*Príomhoifigeach Liachta*

## An tslándáil náisiúnta agus

SPRIOC 1

| Bearta | Táscairí Feidhmíochta |
|---|---|
| Anailís a dhéanamh ar rioscaí agus ar bhagairtí ar an tslándáil náisiúnta agus oibríochtaí faisnéis-threoraithe a thionscnamh in éadan grúpaí sceimhlitheoirí agus grúpaí antoisceacha radacacha agus le sceimhlitheoirí aonair agus antoiscigh radacacha aonair | ▲ Líon na measúnaithe ar bhagairtí a ullmhaíodh<br>▲ Líon na ngrúpaí agus na ndaoine aonair a aithníodh agus a próifíleadh<br>▲ Líon na n-oibríochtaí a tionscnaíodh |
| Acmhainn a mhéadú i ngach Réigiún Garda maidir le tuairisciú agus agus díriú ar rioscaí agus ar bhagairtí atá bainteach le sceimhlitheoireacht | ▲ Líon na gclár oiliúna a soláthraíodh<br>▲ Líon na ndaoine a chuaigh faoi oiliúint<br>▲ Líon na dtuairiscí faisnéise do Choireacht agus Slándáil<br>▲ Líon na n-oibríochtaí a tionscnaíodh |
| Grúpaí agus daoine aonair atá nasctha le coirpigh/treascraigh a aithint agus díriú orthu | ▲ Líon na ngrúpaí a aithníodh agus a próifíleadh<br>▲ Líon na ndaoine aonair a aithníodh agus a próifíleadh<br>▲ Líon na n-oibríochtaí a tionscnaíodh<br>▲ Líon na ndaoine a gabhadh<br>▲ Líon na n-ionchúiseamh a tionscnaíodh |
| Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar phleanáil agus ar acmhainn an Gharda Síochána maidir le freagairt ar éigeandálaí | ▲ Líon na gcleachtaí beo a eagraíodh<br>▲ Líon na gcleachtaí barr tábla a eagraíodh<br>▲ Líon an gclár oiliúna um fhreagairt ar éigeandálaí a ceapadh<br>▲ Líon na dtagarmharc a ceapadh de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr<br>▲ Lámhleabhar nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha tiomsaithe maidir le freagairtí ar mhóréigeandálaí |
| Tógáil ar na naisc atá ann cheana féin lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta forfheidhmiúcháin dlí chun an cleachtas is fearr a éascú maidir le hoiliúint, nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha agus malartuithe faisnéise | ▲ Líon na gclár oiliúna idirnáisiúnta ar glacadh páirt iontu<br>▲ Líon na ndaoine a chuaigh faoi oiliúint<br>▲ Nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha ceaptha<br>▲ Líon na malartuithe faisnéise le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta forfheidhmiúcháin dlí |

## idirnáisiúnta a chothabháil

| Sprioc Amfráma | | | | Úinéireacht | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| C1 | C2 | C3 | C4 | | |
| ✓<br>✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓ | Coimisinéir Cúnta Coireacht agus Slándáil | Daonlathas slán |
| ✓<br>✓<br>✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓<br>✓ | Coimisinéir Cúnta Coireacht agus Slándáil | |
| ✓<br>✓<br>✓<br>✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓<br>✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓<br>✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓<br>✓<br>✓ | Coimisinéir Cúnta Coireacht agus Slándáil | |
| ✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓ | | ✓<br>✓<br>✓ | Coimisinéir Cúnta Coireacht agus Slándáil | Acmhainn freagartha tagarmharcáilte de réir an chleachtas idirnáisiúnta is fearr |
| ✓<br>✓ | ✓<br>✓<br>✓ | ✓ | ✓<br>✓<br>✓ | Coimisinéir Cúnta Coireacht agus Slándáil | |

## Laghdú suntasach a dhéanamh ar

SPRIOC 2

| Bearta | Táscairí Feidhmíochta |
|---|---|
| Straitéis náisiúnta Garda um laghdú agus coisceadh coireanna a cheapadhagus a chur i bhfeidhm | ▲ Plean straitéise um laghdú agus coisceadh coireanna<br>• Ceaptha agus curtha i bhfeidhm ar bhonn píolótach<br>• Measúnú déanta air<br>• Plean náisiúnta curtha i bhfeidhm |
| Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar acmhainn imscrúdúcháin an Gharda Síochána | ▲ Straitéis Garda um Fheasacht/Comhtháthú Foiréinseach ceaptha<br>▲ Saotharlann Nua Foiréinseach tosaithe i gcomhar lenár gcomhpháirtithe cirt choiriúil<br>▲ Córas Uathoibritheach Aithint ó Mhéarloirg feabhsaithe, imlonnaithe ag Ceannáras an Gharda<br>▲ Bunachar sonraí DNA curtha ar bun i gcomhar lenár gcomhpháirtithe chirt chóiriúil<br>▲ Líon na Scrúdaitheoirí Láithreacha Coireanna creidiúnaithe a oileadh in aghaidh na Roinne<br>▲ Méadú 10% i líon na n-amhrasán a aithníodh in aghaidh an láthair choire scrúdaithe |
| Oibríochtaí faisnéis-threoraithe a thionscnamh in éadan grúpaí agus daoine aonair a iompraíonn drugaí, gunnaí agus inimircigh neamhdhleathacha isteach sa Stát | ▲ Líon na líonraí gháinneáil ar dhrugaí agus ar ghunnaí a próifíleadh agus a spriocaimsíodh ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta<br>▲ Líon na líonraí gháinneáil ar ghunnaí a próifíleadh agus a spriocaimsíodh ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta<br>▲ Líon na líonraí gháinneáil ar dhaoine a próifíleadh agus a spriocaimsíodh<br>▲ Líon agus cineál na n-oibríochtaí a rinneadh in éadan mangairí agus úsáideoirí drugaí<br>▲ Laghdú 2% i dteagmhais inar úsáideadh arm tine<br>▲ Laghdú 5% i líon na n-urghabhálacha de dhrugaí mídhleathacha<br>▲ Méadú 3% i líon na n-arm tine a urghabhadh |
| Lánúsáid a bhaint as acmhainn faisnéise an Gharda Síochána chun coireanna a spriocaimsiú, a bhrath agus a choisceadh | ▲ Líon na bhfoinsí faisnéise a cláraíodh<br>▲ Líon na dtuairiscí faisnéise a soláthraíodh |
| Acmhainn náisiúnta anailís ar choireanna a fhorbairt agus a imlonnú | ▲ Ionad Anailíse Gharda Síochána curtha ar bun ag Ceannáras an Gharda<br>▲ Treochtaí agus patrúin choireachta aitheanta agus scaipthe ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta<br>▲ Líon na n-anailíseoirí coireanna a imlonnaíodh i Réigiúin an Gharda |
| Feabhas a chur ar acmhainn bhainistíochta an Gharda Síochána um imscrúdú coireanna tromchúiseacha | ▲ Líon na nOifigeach Imscrúdúcháin Sinearach Rannach a chuaigh faoi oiliúint<br>▲ Nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha ceaptha d'imscrúduithe ar choireanna tromchúiseacha<br>▲ Líon na bpearsanra Rannach a oileadh i sainteicnící imscrúduithe coire<br>▲ Bleachtaire-Cigire sannta chuig gach Roinn |
| Catagoirí de choireanna ardmhinicíochta a spriocaimsiú | ▲ Laghdú 2% i mbuirgléireachtaí<br>▲ Laghdú 2% i ngadaíochtaí ó MPV<br>▲ Laghdú 2% i ngadaíochtaí ó shiopaí<br>▲ Laghdú 2% i ngadaíochtaí eile<br>▲ Laghdú 2% i ndamáiste coiriúil |

## mhinicíocht coireanna agus iompraíocht choiriúil

| Sprioc Amfráma | | | | Úinéireacht | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| C1 | C2 | C3 | C4 | | |
| | ✓ | | | Coimisinéir Cúnta Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta agus Coimisinéir Cúnta Straitéis agus Seirbhísí | Coireacht foriomlán laghdaithe de 2% sa bhliain 2007 |
| | | ✓ | | | |
| | | | ✓ | | |
| | | ✓ | | Coimisinéir Cúnta Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta | |
| | ✓ | | | | |
| | | ✓ | | | |
| | | ✓ | | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Coimisinéir Cúnta Coireacht agus Slándáil agus Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | Ráta braite foriomlán méadaithe de 2% sa bhliain 2007 |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | | | | Coimisinéir Cúnta Coireacht agus Slándáil | |
| | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| | ✓ | | | | |
| | ✓ | | ✓ | Coimisinéir Cúnta Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta agus Coimisinéir Cúnta Bainistíocht Acmhainní Daonna | |
| ✓ | | | | | |
| ✓ | ✓ | | ✓ | | |
| | ✓ | | | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |

SPRIOC 3

## Laghdú suntasach a dhéanamh ar líon na ngortuithe marfacha

| Bearta | Táscairí Feidhmíochta |
|---|---|
| Plean Forfheidhmiúcháin Bliantúil Garda a sholáthar um Shábháilteacht Bóithre agus Feidhmiú Tráchta | ▲ Plean Feidhmiúcháin Bliantúil Garda um Shábháilteacht Bóithre agus Feidhmiú Tráchta<br>▲ Líon na gcruinnithe le páirtithe leasmhara lena mbaineann chun na tosca faoi ndear Criosanna atá Tugtha d'Imbhuailtí a aithint agus freagairtí oiriúnacha a cheapadh<br>▲ Comhairliú le príomhpháirtithe leasmhara eachtracha agus inmheánacha chun sábháilteacht Bóithre a fheabhsú |
| An acmhainn póilíniú tráchta agus a neartú agus torthaí níos fearr a fháil | ▲ Tuarascáil mhíosúil ar thorthaí póilíniú tráchta foilsithe<br>▲ Ceannfort Tráchta Tiomnaithe ceaptha i ngach Réigiún<br>▲ Cigire Tráchta Tiomnaithe ceaptha i ngach Roinn<br>▲ Líon na gcomhaltaí agus na bhfeithiclí a cionroinneadh do Chór Tráchta an Gharda in aghaidh an cheathrún<br>▲ Líon na gcomhaltaí a oileadh i ngach Roinn in imscrúdú ar Imbhualadh Foiréinseach<br>▲ Líon na gceamaraí luais seasta foinsithe allamuigh a imlonnaíodh |
| Forfheidhmiú spriocaimsithe ar reachtaíocht tráchta agus iompair ar bhóithre | ▲ Méadú 10% i líon na dTrialacha Éigeantacha Alcóil a rinneadh<br>▲ Méadú 10% i líon na mbraiteachán as tiomáint ar meisce<br>▲ Méadú 10% i líon na mbraiteachán as tiomáint faoi thionchar drugaí<br>▲ Méadú 10% i líon na mbraiteachán as tiomáint neamhchúramach agus bhaolach<br>▲ Méadú 10% i líon na mbraiteachán as as ciontaí ró-luais<br>▲ Méadú 10% i líon na bhfógraí FCPS a eisíodh<br>▲ Méadú 10% i líon na mbraiteachán as gan crios sábhála a chaitheamh<br>▲ Méadú 10% i líon na mbraiteachán i gCriosanna atá Tugtha d'Imbhuailtí in aghaidh gach Roinn Garda<br>▲ Méadú 10% i líon na mbraiteachán as ciontaí faoi na Rialacháin um Iompar ar Bhóithre<br>▲ Méadú 10% i líon na n-oibríochtaí rúnda agus ardinfheictheachta faisnéis-threoraithe a dhírigh ar thiománaithe óga ciontacha |
| Dul i gcomhar chun straitéis bainistithe tráchta a sholáthar | ▲ Straitéis bhainistithe tráchta ceaptha<br>▲ Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha do bhainistiú tráchta ag éigeandálaí agus imeachtaí poiblí |
| Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an acmhainn um anailís ar theagmhais chun cur le sábháilteacht Bóithre | ▲ Bunachar sonraí imbhuailtí tráchta ag Biúró Náisiúnta Tráchta an Gharda<br>▲ Líon na gCriosanna atá Tugtha d'Imbhuailtí a aithníodh agus a aicmíodh i ngach Roinn Garda |
| Straitéis Gharda um Fheasacht agus Oideachas Sábháilteacht Bóithre a cheapadh agus a imlonnú | ▲ Clár Cumarsáide Garda um Fheasacht Sábháilteacht Bóithre ceaptha<br>▲ Líon na gcur i láthair Garda um Fheasacht Shábháilteacht Bóithre<br>▲ Clár Cumarsáide Garda um Shábháilteacht Bóithre a sholáthar i ngach scoil in Éirinn<br>▲ Sé cinn de chur i láthair ar Crimecall i dtaca le Sábháilteacht Bóithre |

## agus tromchúiseacha agus feabhas a chur ar shábháilteacht bóithre

| Sprioc Amfráma | | | | Úinéireacht | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| C1 | C2 | C3 | C4 | | |
| ✓ | ✓ | | | Coimisinéir Cúnta Tráchta | Laghdaigh líon na n-imbhuailtí marfacha agus tromchúiseacha de réir Straitéis Bhóthair an Rialtais |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Coimisinéir Cúnta Tráchta agus Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| | ✓ | | | | |
| | | | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| | ✓ | | | Coimisinéir Cúnta Tráchta agus Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| ✓ | | | | | |
| ✓ | | | | Coimisinéir Cúnta Tráchta | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| | ✓ | | | Coimisinéir Cúnta Tráchta agus Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| | | ✓ | ✓ | | |
| | | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |

SPRIOC 4

## Laghdú suntasach a dhéanamh ar mhí-ord

| Bearta | Táscairí Feidhmíochta |
|---|---|
| Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara pobail agus reachtúla chun tionscnaimh idirghníomhaireachta a chur ar bun in éadan iompraíocht fhrithshóisialta lena n-áirítear imlonnú TFCI i gceantair uirbeacha | ▲ Líon na 'mBall Te' a aithníodh ag leibhéal na Roinne<br>▲ Líon na nOrduithe Dúnta a ndearnadh iarratas lena n-aghaidh de réir Roinne do ghnóthais a aithnítear mar ghnóthais a chuireann le mí-ord poibí agus le hiompraíocht fhrithshóisialta<br>▲ Líon na nGardaí i ngach Roinn a chuaigh faoi oiliúint Oird Phoiblí agus atá ar fáil le himlonnú<br>▲ Líon na n-imlonnuithe de chuid an Aonaid Rannach Oird Phoiblí ar dualgais choiscthe agus forfheidhmiúcháin |
| 'Baill Te' áitiúla do mhí-ord poiblí agus d'iompraíocht fhrithshóisialta a aithint agus bearta agus pleananna freagrúla a cheapadh | ▲ Líon na 'mBall Te' a aithníodh ag leibhéal na Roinne<br>▲ Líon na nOrduithe Dúnta a ndearnadh iarratas lena n-aghaidh de réir Roinne do ghnóthais a aithnítear mar ghnóthais a chuireann le mí-ord poibí agus le hiompraíocht fhrithshóisialta<br>▲ Líon na nGardaí i ngach Roinn a chuaigh faoi oiliúint Oird Phoiblí agus atá ar fáil le himlonnú<br>▲ Líon na n-imlonnuithe de chuid an Aonaid Rannach Oird Phoiblí ar dualgais choiscthe agus forfheidhmiúcháin |
| Forfheidhmigh go réamhghníomhach an dlí maidir le hólachán faoi aois agus mí-úsáid substaintí in áiteanna poiblí agus in áitribh cheadúnaithe araon | ▲ An leibhéal ólacháin faoi aois agus mí-úsáid substaintí mídhleathacha a thomhas ag an leibhéal áitiúil<br>▲ Méid na faisnéise ar leibhéil agus phatrúin trádála in alcól do dhaoine faoi aois in aghaidh na Roinne<br>▲ Méid na faisnéise ar leibhéil agus phatrúin trádála i ndrugaí mídhleathacha in aghaidh na Roinne<br>▲ Líon na gclár idirghníomhaireachta um choisceadh agus athstiúradh in aghaidh na Roinne<br>▲ Líon na sealbhóirí ceadúnais ar tugadh faisnéis dóibh ar straitéísí agus údair imní forfheidh-miúcháin an Gharda in aghaidh na Roinne<br>▲ Líon na mbraiteachán as díol/soláthar drugaí mídhleathacha<br>▲ Líon na mbraiteachán as díol/soláthar alcóil do dhaoine faoi aois<br>▲ Líon na n-iarratas chun áitreabh ceadúnaithe a dhúnadh<br>▲ Líon na sealbhóirí ceadúnais a ionchúisíodh as meisciúlacht a cheadú san áitreabh |
| Tomhasfaidh an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail an 'Bhraistint Sábháilteachta' i ngach Roinn Garda | ▲ Suirbhé 'Braistint Sábháilteachta' déanta<br>▲ Anailís déanta ag Aonad Taighde an Gharda ar cheisteanna aitheanta<br>▲ Líon na gceisteanna aitheanta a cuireadh i ngníomh ag leibhéal na Roinne |

## poiblí agus iompraíocht fhrithshóisialta inár bpobail

| Sprioc Amfráma | | | | Úinéireacht | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| C1 | C2 | C3 | C4 | | |
| ✓ | | | | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | Ráta sástachta an Gharda méadaithe de 2% |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | | | | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | Laghdú ar líon na n-ógánach a bhí bainteach le coireacht |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| | ✓ | | | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| | | ✓ | | | |
| | | | ✓ | | |

SPRIOC 5

# SPRIOC STRAITÉISEACH A CÚIG -

## Cosaint chothrom agus seirbhís chuí a sholáthar

| Bearta | Táscairí Feidhmíochta |
|---|---|
| Cosaint agus cúiteamh a sholáthar i gcás teagmhas ciníoch | ▲ Gach teagmhas ciníoch a chlárú agus a imscrúdú<br>▲ Líon na n-ionchúiseamh atá bainteach le teagmhais chiníocha<br>▲ Líon na n-atreoruithe chuig eagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh de bharr teagmhas ciníoch |
| Iontaoibh agus muinín a chothú i bpobail ina bhfuil éagsúlacht eitneach agus chultúrtha | ▲ Tuarascáil dhul chun cinn ar Phlean Feidhmiúcháin an Gharda um Chearta an Duine<br>▲ Suirbhé déanta ar ghrúpaí ina bhfuil éagsúlacht eitneach agus chultúrtha maidir le sástacht le seirbhís an Gharda<br>▲ Líon na dtionscnamh spriocaimsithe le grúpaí ina bhfuil éagsúlacht eitneach agus chultúrtha lena n-áirítear pobail taistealaithe, dídeanaithe agus imirceoirí<br>▲ Líon na gcruinnithe a bhí ag Oifigigh um Idirchaidreamh Eitneach agus na dtuairiscí measúnaithe a ullmhaíodh<br>▲ Iniúchadh ar phróisis agus nósanna imeachta a bhaineann le cáilíocht agus éifeachtúlacht agus comhlíonadh chearta an duine chomh fada is a bhaineann sé le seirbhís inimirce an Gharda Síochána |
| Cumarsáid éifeachtúil a dhéanamh le pobail ina bhfuil éagsúlacht eitneach agus chultúrtha | ▲ Líon na gcruinnithe in aghaidh na Roinne le pobail ina bhfuil éagsúlacht eitneach agus chultúrtha<br>▲ Líon na gceisteanna eitneacha agus cultúrtha a pléadh i gcomhthéacs Comhchoistí Póilíneachta<br>▲ An méid ábhar faisnéise ilteangach atá ag an nGarda Síochána<br>▲ Eolaire d'ateangairí atá ar fáil don Gharda Síochána tiomsaithe agus scaipthe ar gach Roinn<br>▲ Níos mó oiliúna i dteangacha éagsúla ar fáil ar fud an Gharda Síochána |
| A chinntiú go mbíonn seirbhís an Gharda ionadaíoch don phobal a bhfónaimid dóibh | ▲ Clár réamhghníomhach fógraíochta agus earcaíochta d'iarrthóirí ó ghrúpaí ina bhfuil éagsúlacht eitneach agus chultúrtha<br>▲ Líon na ndaoine ó phobail ina bhfuil éagsúlacht eitneach agus chultúrtha a chuaigh isteach sa Gharda Síochána<br>▲ Meicníochtaí tacaíochta eagraíochtúla curtha ar bun chun a chinntiú go gcoimeádfar comhaltaí ó ghrúpaí ina bhfuil éagsúlacht eitneach agus chultúrtha |

# ÉAGSÚLACHT EITNEACH AGUS CHULTÚRTHA

## agus meas agus iontaoibh frithpháirteach a chothú ag an am céanna

| Sprioc Amfráma | | | | Úinéireacht | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| C1 | C2 | C3 | C4 | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | Muinín an phobail méadaithe de 2% |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Coimisinéir Cúnta um Bainistíocht Acmhainní Daonna | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Coimisinéir Cúnta Straitéis agus Seirbhísí | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Coimisinéir Cúnta Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| | ✓ | | | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| | | ✓ | | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Coimisinéir Cúnta um Bainistíocht Acmhainní Daonna | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |

# SPRIOC STRAITÉISEACH A SÉ –

## Seirbhís Gharda a fhorbairt a léiríonn

| Bearta | Táscairí Feidhmíochta |
|---|---|
| Samhail Náisiúnta Póilíniú Pobail an Gharda Síochána a cheapadh | ▲ Comhairliú poiblí mar bhonn eolais le forbairt Samhail Náisiúnta Póilíniú Pobail an Gharda Síochána<br>▲ Samhail Náisiúnta Póilíniú Pobail an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach ag leibhéal na Roinne<br>▲ Líon na nGardaí atá fostaithe go lánaimseartha i bpóilíniú pobail<br>▲ Líon na scéimeanna gníomhacha Pobal ar Aire/ Faire Comharsanachta atá i bhfeidhm |
| Straitéis Óige a cheapadh chun seirbhísí oiriúnacha de chuid an Gharda a bhrostú do dhaoine óga | ▲ Measúnú ar sheirbhísí an Gharda atá bainteach le daoine óga<br>▲ Dul i gcomhairle le soláthraithe seirbhísí óige chun bonn eolais a sholáthar don straitéis nua bheartaithe<br>▲ Dréacht-straitéis a sholáthar le haghaidh breithniú<br>▲ An straitéis a chur i bhfeidhm ag leibhéal na Roinne |
| Feabhas a chur ar sheirbhísí d'íospartaigh | ▲ Ceannfort a cheapadh mar Oifigeach Idirchaidrimh d'Íospartaigh i gCaidreamh Poiblí<br>▲ Líon na n-atreoruithe chuig eagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh<br>▲ Líon na nOifigeach Idirchaidrimh Teaghlaigh a ceapadh agus a oileadh<br>▲ Laghdú 2% sa leibhéal athchiontaithe i dtaca le híospartaigh |
| Páirt iomlán a ghlacadh i gComhchoistí Póilíneachta agus i bhfóraim áitiúla póilínithe | ▲ Beartas Garda ceaptha maidir le Comhchoistí Póilíneachta<br>▲ Líon na gcruinnithe ag a raibh Garda i láthair<br>▲ Líon na moltaí ó Chomhchoistí Póilíneachta a cuireadh san áireamh i bPleananna Póilíneachta Rannacha agus Ceantair<br>▲ Líon na gcóras TFCI pobalbhunaithe ar tacaíodh leo |
| A chinntiú go mbíonn láithreacht phoiblí sofheicthe ag an nGarda sa phobal agus go háirtithe i gceantair RAPID | ▲ Méadú 5% i sástacht le sofheictheacht an Gharda i gceantair áitiúla<br>▲ Líon na bpatról sofheicthe<br>▲ Líon na bpatról sofheicthe i gceantair RAPID<br>▲ Líon na dtionscnamh a cuireadh i bhfeidhm i gceantair RAPID |

## riachtanais agus tosaíochtaí mhuintir na hÉireann

| Sprioc Amfráma | | | | Úinéireacht | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|
| C1 | C2 | C3 | C4 | | |
| ✓ | | | | Coimisinéir Cúnta Straitéis agus Seirbhísí | Seirbhís Gharda a léiríonn riachtanais agus tosaíochtaí mhuintir na hÉireann |
| | | ✓ | | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | | | Coimisinéir Cúnta Straitéis agus Seirbhísí | |
| | ✓ | | | | |
| | | ✓ | | | |
| | | | ✓ | | |
| ✓ | | | | Coimisinéir Cúnta Straitéis agus Seirbhísí | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | | | | Coimisinéir Cúnta Staitéis agus Seirbhísí agus Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| | | | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| | | | ✓ | Coimisinéir Cúnta Staitéis agus Seirbhísí agus Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |

# RIACHTANAIS STRAITÉISEACHA


| Riachtanais Straitéiseacha | Cuspóir Straitéiseacha |
|---|---|
| Acmhainn bhainistíocht oibríochtaí an Gharda Síochána a fhorbairt | Cinnteoimid go mbeidh próisis phóilínithe oibriúcháin de réir na gcleachtas idirnáisiúnta is fearr |
| Eagraíocht den scoth a dhéanamh den Gharda Síochána | Cinnteoimid go gcuirfear cleachtais póilínithe agus ghnó den scoth i bhfeidhm sa Gharda Síochána |
| Comhaltaí foirne a earcú, a oiliúint, a fhorbairt agus a inspreagadh | Cinnteoimid gur comhaltaí dea-oilte, inniúla, cumasacha agus tiomanta le meanma ard a bheas i gcomhaltaí an Gharda Síochána |
| Cultúr an Gharda Síochána a athnuachan agus a athbheochan | Rachaimid i mbun athnuachan eagraíochtúil agus neadóimid cultúr seirbhíse poiblí a bheidh préamhaithe in ionracas, iomláine, meas, gairmiúlachas, cuntasacht |
| A chinntiú gur eagraíocht dea-threoraithe agus dea-bhainistithe a bheas sa Gharda Síochána | Forbróimid ár n-acmhainn bainisteoireachta agus ceannaireachta de réir na gcleachtas idirnáisiúnta is fearr |
| Samhail chaidrimh chustaiméirí den scoth a fhorbairt sa Gharda Síochána | Déanaimid measúnú agus athbhreithniú leanúnach ar an tseirbhís a chuirimid ar fáil dár gcustaiméirí uile |

Tá gealltanas tugtha ag an nGarda Síochána dul i mbun clár suntasach leasúcháin agus nua-chóiriúchain chun gur féidir leis an tSeirbhís a bheith ullamh faoi chomhair na ndúshlán agus na ndinimic a ghabhann le timpeallacht póilineachta nua-aoiseach. Beidh soláthar na riachtanas straitéiseach seo mar bhloic thógála faoin athnuachan eagraíochtúil atá beartaithe don Gharda Síochána thar thréimhse trí bliana Straitéis Chorparáideach an Gharda Síochána 2007 – 2009. Le linn 2007, díreofar ar phleananna agus beartais a cheapadh maidir le feidhmíocht bainistíochta agus ceannaireachta, oiliúint agus forbairt, athnuachan cultúrtha, éifeachtúlacht oibriúcháin, agus caidreamh le custaiméirí. Cuirfear na tionscnaimh agus na cuspóirí atá leagtha amach thíos i bhfeidhm trí shraith tionscadal feabhsúcháin leanúnaigh. Déanfar bainistiú tionscadail ar sheachadadh gach riachtanais straitéisigh mar aon le monatóireacht de réir na gcleachtas is fearr le creat feidhmiúcháin um riachtanas straitéiseach a chinnteoidh torthaí inbhraite agus feabhsuithe eagraíochtúla.

| Spriocanna | Bearta 2007 |
|---|---|
| Déanfaidh Coimisinéir Cúnta bainistiú tionscadail ar gach Riachtanas Straitéiseach ag úsáid na téarmaí tagartha atá liostaithe i Straitéis Chorparáideach an Gharda Síochána 2007 – 2009. | **C1 Tuairisc Stádais**<br>**C2 Tuairisc Stádais**<br>**C3 Tuairisc Idirlinne**<br>**C4 Tuairisc Dheiridh agus Plean Feidhmiúcháin** |

# Creat Feidhmiúcháin na Riachtanas Straitéiseach

Déanfar bainistiú tionscadail ar Chreat Feidhmiúcháin na Riachtanas Straitéiseach mar atá leagtha amach i bhFíor 1




Fíor 1